An Roinn Oideachais agus Scileanna
Department of Education and Skills

Dáta: 27/02/2020 **Ciorclán Uimhir:** 0017/2020

Chuig: Boird Bhainistíochta, Príomhoidí Scoile agus Foireann Teagaisc Scoileanna Dara Leibhéal, Scoileanna Speisialta agus Príomhfheidhmeannaigh na mBOO

Treoir ar Phróiseas na Sraithe Sóisearaí um Athbhreithniú ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair

Reamhrá

Is cuid thábhachtach den mheasúnú ar fhoghlaim scoláirí sa tSraith Shóisearach iad na Cruinnithe um Athbhreithniú ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair (AFMÁ). Tá an treoir seo eisithe ag an Roinn Oideachais agus Scileanna chun cuidiú le scoileanna nuair a bhíonn eagrú agus feidhmiú éifeachtach á dhéanamh acu ar an bpróiseas AFMÁ. Rinneadh an treoir a fhorbairt trí mhionphlé comhoibríoch le hionadaithe eagraíochtaí bainistíochta na scoileanna dara leibhéal, ionadaithe ceardchumainn na múinteoirí dara leibhéal agus oifigigh na Roinne Oideachais agus Scileanna.

Rinneadh an treoir a fhorbairt le bheith:

- De réir forálacha mar atá in *Creat don tSraith Shóisearach (2015),* in *Comhráiteas ar Phrionsabail agus ar Chur i bhFeidhm (Bealtaine 2015*) agus in *Aguisín leis an gComhráiteas ar Phrionsabail agus ar Chur i bhFeidhm (Iúil 2015);* agus
- Faoi réir ag an bhfoghlaim ó na heispéiris ar fheidhmiú Athchóiriú na Sraithe Sóisearaí sna scoileanna i measc múinteoirí, ceannairí scoile agus bainisteoirí sa tréimhse ó cuireadh tús le *Creat na Sraithe Sóisearaí*.

Beidh ar scoileanna cruinnithe AFMÁ a thionól de réir na treorach seo ón scoilbhliain 2020/21 ar aghaidh. Moltar do scoileanna freisin, chomh fada agus is féidir, an treoir a ghlacadh agus a chur i bhfeidhm láithreach sa bhliain acadúil reatha.

Achoimre

Tugann an ciorclán seo:

1. Míniú ar chuspóir agus ar nádúr an phróisis um Athbhreithniú ar Fhoghlaim agus Ar Mheasúnú Ábhair sa tSraith Shóisearach
2. Breac-chuntas ar roinnt príomhphrionsabal ar chóir iad a bheith mar bhonn eolais don eagrú agus don fheidhmiú éifeachtach ar an bpróiseas AFMÁ i scoileanna
3. Cur síos ar a dtarlaíonn sa phróiseas AFMÁ
4. Breac-chuntas ar na róil atá acu siúd a bhíonn gafa leis an bpróiseas AFMÁ
5. Cur síos ar na coinníollacha a thacaíonn leis an bpróiseas AFMÁ
6. Sainiú ar roinnt roghanna, A nó B, nó C nó D, ceann acu a bheidh ar scoileanna a roghnú chun socruithe a dhéanamh le cruinnithe AFMÁ a thionól

7. Soiléiriú ar an tslí ina gCAITHFIDH na scoileanna sin a roghnaíonn Rogha D chun cruinnithe AFMÁ a thionól an cinneadh sin a chur in iúl don Roinn faoi 16 Márta 2020.

1. Cad é an Próiseas um Athbhreithniú ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair?

Is é an cur síos is fearr ar mheasúnuithe Rang-Bhunaithe (MRB) ná na hócáidí sin nuair a dhéanann an múinteoir measúnú ag baint úsáide as na saintascanna atá leagtha amach sa sonraíocht ábhar. Cé go bhfuil an measúnú ar aon dul leis an measúnú foirmtheach a tharlaíonn gach lá sa rang, i gcás na MRB déantar breithmheas an mhúinteora ar obair na scoláirí a chlárú go sealadach, agus ag an bpointe sin cuirtear tús leis an bpróiseas um Athbhreithniú ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair (AFMÁ). Nuair a thagann deireadh leis an bpróiseas, tugtar chun críche na breitheanna agus baintear úsáid astu i. dtuairisciú na scoile chuig tuismitheoirí agus scoláirí. Tá príomhról ag an Éascaitheoir maidir leis an bpróiseas a bhainistiú ó thus go deireadh.

Ba chóir MRB na scoláirí a dhéanamh laistigh de na frámaí ama atá tugtha ag An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM). Éascaíonn an AFMÁ próiseas múinteoirí nuair a bhíonn ullmhú agus ag plé á dhéanamh le comhghleacaithe ar mheasúnú ar obair scoláirí. Cruthaíonn an rannpháirtíocht agus an plé seo nasc idir measúnú agus pleanáil don teagasc agus don fhoghlaim. Tá sé tábhachtach machnamh a dhéanamh ar na hamanna ina dtarlóidh na MRB nuair a bhíonn na cruinnithe a mbeidh gá leo mar chuid den phróiseas AFMÁ á bpleanáil/sceidealú.

Is cuid thábhachtach den mheasúnú ar fhoghlaim scoláirí sa tSraith Shóisearach iad na cruinnithe AFMÁ. Trí chruinnithe AFMÁ:

- Déanann múinteoirí a measúnú ar fhoghlaim agus ar ghnóthachtáil scoláirí i ngach Measúnú Rang-Bhunaithe (MRB) a roinnt agus a phlé chun teacht ar chomhthuiscint ar cháilíocht foghlama scoláirí, ionas gur féidir leo a mbreithiúnas faoi na caighdeáin atá bainte amach a roinnt agus a ailíniú i gcomhréir le caighdeáin náisiúnta;
- Déanann múinteoirí machnamh ar a gcleachtas gairmiúil agus ar an tslí inar féidir an teagasc agus an fhoghlaim sa scoil a fheabhsú.

Mar gheall ar an tábhacht a bhaineann leis an dá fheidhm chomhlántach seo – comhthuiscint a fhorbairt ar chaighdeáin agus forbairt ghairmiúil múinteoirí – cuirtear roinnt den am gairmiúil (am neamhtheagmhála i mbun ranga) atá i gconradh an mhúinteora ar fáil do chruinnithe AFMÁ.

2. Príomhphrionsabail a bhíonn mar bhonn eolais do phróiseas éifeachtach AFMÁ

Ba chóir do na prionsabail seo a leanas a bheith mar bhonn eolais faoin tslí ina gcuirfidh scoileanna socruithe i bhfeidhm don phróiseas AFMÁ, lena n-áirítear cruinnithe a thionól.

Déantar na cinntí faoi chruinnithe AFMÁ a thionól ag leibhéal gach scoile ar leith agus tá na prionsabail seo, a aontaítear idir na páirtithe ag an leibhéal náisiúnta, deartha chun treoir a sholáthar dá leithéid de chinneoireacht áitiúil sna scoileanna, mar aon le cásanna ina gcaithfidh scoileanna i gceantar cinntí a chomhordú faoi thionól na gcruinnithe AFMÁ mar gheall ar chúinsí áitiúla, ar nós an soláthar ar iompras scoile.

2.1 Cur Chuige Ard-Iontaibhe

Bíonn iontaoibh mar phríomhghné de na caidrimh ag leibhéal na scoile. Tá gá le hardleibhéal iontaoibhe chun an próiseas a chomhlánú agus chun cruinnithe AFMÁ a reachtáil go héifeachtach. Glacann cur chuig na hard-iontaoibhe leis go mbíonn na socruithe á fheidhmiú ag múinteoirí agus ag bainistíocht na scoile le hintinn mhaith ar mhaithe leo siúd uile atá i gceist.

I dtimpeallacht ina mbíonn ard-iontaibh, oibríonn bainistíocht na scoile agus na múinteoirí i gcomhpháirt lena dheimhniú go mbíonn comhaontú faoi shocruithe chun na buntáistí is fearr a sholáthar d'fhoghlaimeoirí agus do mhúinteoirí ón bpáirtíocht ghairmiúil a tharlaíonn i gcruinnithe AFMÁ a eagraítear go héifeachtach.

2.2 Neamhspleáchas na Scoile

Baineann neamhspleáchas na scoile lena mhéid solúbthachta a bhíonn ag scoileanna chun cinntí a dhéanamh ionas gur féidir leo freastal ar an tslí is fearr ar riachtanais a scoláirí agus ar chomhthéacs na scoile. Maidir leis an bpróiseas AFMÁ, tá neamhspleáchas ag scoileanna, laistigh de chreata náisiúnta agus an chomhairle agus na riachtanais mar atá i gciorcláin na Roinne, cinntí a dhéanamh maidir le:

- An tslí ina bhfuil sé i gceist acu pleanáil do Mheasúnuithe Rang-Bhunaithe chlár na Sraithe Sóisearaí agus iad sin a chomhlánú, agus
- An sceidealú do chruinnithe AFMÁ.

Tá an neamhspleáchas seo ar fáil don scoil ar an dtuiscint go mbíonn múinteoirí agus ceannairí scoile freagrach do scoláirí, tuismitheoirí, boird agus an Roinn Oideachais agus Scileanna lena dheimhniú go dtuairiscítear torthaí scoláirí ar na Measúnuithe Rang-Bhunaithe laistigh de na frámaí ama náisiúnta.

2.3 Comhghleacaíocht Ghairmiúil

Beidh na socruithe a dhéanfar ag leibhéal na scoile faoin bpróiseas AFMÁ de réir chaighdeáin an chleachtais ghairmiúil atá leagtha síos ag an gComhairle Mhúinteoireachta faoin obair le comhghleacaithe teagaisc agus ábhair oidí ar mhaithe le dea-chleachtas a roinnt, a fhorbairt agus a thacú agus an cháilíocht is airde in eispéiris oideachasúla a chothabháil do scoláirí. Cuideoidh rannpháirtíocht múinteoirí sna próisis MRB agus AFMÁ le straitéisí teagaisc, foghlama agus measúnaithe a fhorbairt freisin ina dtacaítear le difreálú sa bhfoghlaim ar bhealach a léiríonn meas ar dínit agus ar riachtanais foghlama gach scoláire.

2.4 Iomláine an Am Teagaisc

Caithfear a dheimhniú i gcónaí, sna socruithe go léir don tSraith Shóisearach, lena n-áirítear tionól na gcruinnithe AFMÁ, go mbíonn fáil ag scoláirí ar an *íosmhéid* 28 uaire an chloig teagaisc in aghaidh na seachtaine thar thréimhse 33.4 seachtaine na scoilbhliana.

3. Cad a tharlaíonn le linn an phróisis AFMÁ?

Bíonn gach cruinniú Athbhreithniú ar Fhoghlaim agus Ar Mheasúnú Ábhair dírithe ar ábhar ar leith agus dírítear ar phróiseas an Mheasúnaithe Rang-Bhunaithe mar a bhíonn déanta ag an mbliainghrúpa ar leith. Tá sé éigeantach go bhfreastalaíonn gach múinteoir atá ag teagasc an ábhair do scoláirí sa ghrúpa ar an gcruinniú. Is féidir le múinteoirí eile an ábhair sa scoil freastal ar an gcruinniú AFMÁ chun leas a bhaint as agus páirt a ghlacadh sa chomhoibriú agus sa bhfoghlaim gairmiúil a tharlaíonn ag na cruinnithe.

Roimh chruinniú an AFMÁ déanfaidh an múinteoir ábhair:

1. Athbhreithniú ar roinnt de shamplaí anótáilte ábhartha CNCM;
2. Réamh-mheasúnú ar obair na scoláirí, ó na scoláirí atá acu féin, bunaithe ar na Gnéithe Cáilíochta atá sna treoirlínte do mheasúnú an ábhair;

3. An tuairisceoir is cóir a bhronnadh, dar leo, ar gach scoláire a chlárú. D'fhéadfadh gur mhaith le múinteoirí aon phointe eile a mheasann siad a bheidh úsáideachl mar phointe tagartha i rith nó i ndiaidh an chruinnithe AFMÁ a chlárú;
4. Sampla amháin d'obair na scoláirí a shainaithint le haghaidh gach tuairisceora, más féidir.

Le linn an chruinnithe AFMÁ:

1. Faoi threoir an Éascaitheora, tugtar cuireadh do mhúinteoirí samplaí a thaispeáint de shaothair a ndearna siad measúnú orthu;
2. Tarlaíonn plé ina dhiaidh sin, faoi threoir an Éascaitheora, ar a mhéid is a thagann obair an scoláire leis na Gnéithe Cáilíocht ábhartha. Má dheimhnítear an breithiúnas, breacann an t-éascaitheoir é sin i dtaifead an chruinnithe. Muna mbíonn comhaontú ann, ba chóir don Éascaitheoir roinnt samplaí anótáilte ábhartha a thaispeáint;
3. Ba cheart go bpléifí dhá shampla ar a laghad le haghaidh gach tuairisceora. Ba cheart a chinntiú go bpléitear ceann amháin ar a laghad de shamplaí gach múinteora i rith an chruinnithe. Coimeádfadh múinteoirí nóta de na cinntí a rinneadh i rith an chruinnithe ar obair scoláirí a bhfuil measúnú déanta acu cheana féin orthu;
4. D'fhéadfadh go n-aithneofaí ag an gcruinniú AFMÁ gnéithe d'fhoghlaim na scoláirí ar gá iad a phlé tuilleadh agus gnéithe de chleachtas na múinteoirí arbh fhiú do mhúinteoirí an ábhair machnamh breise a dhéanamh orthu mar chuid dá bhfoghlaim ghairmiúil.

I ndiaidh an chruinnithe AFMÁ:

1. Déanann múinteoirí machnamh ar an measúnú sealadach ar obair a scoláirí agus, nuair a mheastar gur gá é, déantar leasuithe iomchuí ar na measúnuithe sealadacha;
2. Cuireann na t-éascaitheoir gearrthuairisc le chéile agus tugtar í seo chuig an bpríomhoide;
3. Féadfaidh an t-éascaitheoir iarraidh ar mhúinteoirí samplaí d'obair scoláirí a chur ar fáil le cur i dtaisce samplaí.

4. Cé a bhíonn páirteach sa phróiseas AFMÁ agus céard a dhéanann siad?

- **Ceannairí Scoile**: tá siad freagrach as feidhmiú na Sraithe Sóisearaí go hiomlán, lena n-áirítear úsáid an ama gairmiúil agus an chuid sin den am a bhfuil gá chun an próiseas AFMÁ a chríochnú. Oibreoidh príomhoide na scoile le hÉascaitheoir(í) an AFMÁ lena dheimhniú go n-aontaítear na socruithe is gá chun tacú le cruinnithe AFMÁ agus go bhfuil siad seo indéanta i gcomhthéacs riachtanais chlár ama agus féilire na scoile go hiomlán, agus líon na gcruinnithe AFMÁ atá le sceidealú laistigh de thréimhsí ama ar leith. Deimhneoidh an/na (h)Éascaitheoir(í) sonraí an chruinnithe/na gcruinnithe agus tuairisceofar ar ais don phríomhoide.

  Is féidir na freagrachtaí seo, a bhíonn á gcur i bhfeidhm ag an bpríomhoide, a tharmligean chuig príomhoide tánaisteach na scoile.

- **Éascaitheoir AFMÁ:** Do gach cruinniú AFMÁ, cuirfidh bainistíocht na scoile dhá uair an chloig breise ar fáil do mhúinteoir ábhair amháin chun an t-ullmhúchán agus comhordú an chruinnithe a éascú. Sula dtarlaíonn an cruinniú, rachaidh an tÉascaitheoir i gcomhairle leis na

múinteoirí agus leis an bpríomhoide chun am agus socruithe an chruinnithe a aontú, agus na socruithe is gá a bheith ar fáil don chruinniú. Clúdaíonn sé seo, mar shampla, na samplaí a bheidh le plé agus le hathbhreithniú ag an gcruinniú. Nuair a bhíonn an cruinniú thart, cuirfidh an tÉascaitheoir gearrthuairisc ón gcruinniú ar fáil don phríomhoide. Díreoidh an tuairisc aontaithe ar na torthaí ón bplé ag an gcruinniú ar obair na scoláirí.

- **An Múinteoir Ábhair**:. Nuair a bhíonn an MRB críochnaithe ag scoláirí, déanfaidh múinteoir ranga an ábhair measúnú sealadach ar fhoghlaim na scoláirí mar a bhíonn forbartha agus léirithe sa phróiseas MRB, bunaithe ar na Gnéithe Cáilíochta. Beifear ábalta na measúnuithe sealadacha seo a leasú i bhfianaise an phlé a tharlóidh ag an gcruinniú AFMÁ. Glacfaidh an múinteoir nóta den tuairisceoir a bhronntar ar gach scoláire mar aon le haon phointe eile a d'fhéadfadh a bheith úsáideadh mar phointe tagartha i rith nó i ndiaidh an chruinnithe AFMÁ. Beidh an nóta seo ann don úsáid ag an múinteoir amháin. Nuair a bhítear ag ullmhú do chuid chomhoibríoch an phróisis AFMÁ, roghnóidh gach múinteoir sampla amháin d'obair na scoláirí do gach tuairisceoir, más féidir, don phlé ag an gcruinniu. Nuair a bhíonn an próiseas AFMÁ thart, tuairisceoidh an múinteoir ar an tuairisceoir a bronnadh ar gach scoláire atá acu agus é/í ag baint úsáide as córas/bogearra tuairiscithe na scoile.

- **Rannóg an Ábhair**: Beidh bainistíocht na scoile freagrach as Éascaitheoir AFMÁ a roghnú i gcomhairle le múinteoirí na rannóga ábhair. Chun forbairt acmhainne a chothú i ngach rannóg ábhair déanfar, de ghnáth, ról an Éascaitheora AFMÁ a rothlú i measc na múinteoirí ábhartha.

5. Na coinníollacha a fháil i gceart don phróiseas AFMÁ

5.1 Comhaontú a fhorbairt faoi sceidealú na gcruinnithe AFMÁ

- Ba chóir do scoileanna iarracht teacht ar chomhaonú ag leibhéal na scoile faoin sceidealú agus na socruithe do chruinnithe AFMÁ. Nuair a bhíonn a leithéid á dhéanamh, ní mór na nithe seo a leanas a chur san áireamh:
    - na socrúithe a bhaineann le hamchlár na scoile;
    - féilire na scoile, lena n-áirítear imeachtaí agus tréimhsí a d'fhéadfadh éascú a dhéanamh ar chruinnithe AFMÁ a thionól (mar shampla, d'fhéadfadh go mbeadh múinteoirí ar fáil do chruinnithe nuair a bhíonn scoláirí na hIdirbhliana ar shocrúchán oibre);
    - clár ama Choimisiún na Scrúduithe Stáit (CSS);
    - na tréimhsí a fhoilsítear go bliantúil inar féidir le scoileanna na Measúnuithe Rang-Bhunaithe, na cruinnithe AFMÁ agus na Tascanna Measúnaithe a dhéanamh;
    - an riactanas 28 uaire an chloig teagaisc in aghaidh na seachtaine a sholáthar do scoláirí.

5.2 Ró-mheasúnú ar dhaltaí a sheachaint

- Beidh an príomhoide freagrach as a dheimhniú go mbíonn cothromaíocht ann idir sceidealú na measúnuithe MRB chun ró-mheasúnú ar fhoghlaimeoirí laistigh de ghearrthréimhsí ama a sheachaint agus beifear airdeallach freisin faoin ualach oibre ar mhúinteoirí agus ar fhoghlaimeoirí;
- Sa chomhthéacs a bhaineann le ró-mheasúnú a sheachaint, beidh MRB ann in ionad measúnuithe eile atá ag tarlú sa scoil faoi láthair, ar nós scrúduithe tí;
- Caithfear aon "bhréag" MRB agus/nó aon "bhréag" Tascanna Measúnaithe a sheachaint.

5.3 Sceidealú agus fógra

- Tá sé mar fhreagracht ar an bpríomhoide, i gcomhairle leis an mbord, gach gné d'fhéilire na scoile a eagrú, socruithe na ranganna ar an gclár ama agus dáileadh na múinteoirí ar ghrúpaí ranga. Nuair a bhíonn féilire na scoile á eagrú do na MRB, rachaidh na príomhoide i dteagmháil leis na rannóga ábhar maidir leis na tréimhsí ama éigeantacha do na MRB dá n-ábhair;
- Chun pleanáil éifeachtach a éascú ag leibhéal na scoile, ba chóir don Éascaitheoir AFMÁ dul i gcomhairle leis na múinteoirí a bheidh páirteach sa chruinniú AFMÁ agus a chur in iúl don phríomhoide faoin dáta agus na socruithe atá á mheas/shocrú don chruinniú AFMÁ. Mar ghnáthnós, bíonn gá le fógra coicíse ar a laghad chun cruinnithe AFMÁ a shocrú go héifeachtach.

5.4 Tuairisciú

- Cuirfidh an tÉascaitheoir gearrthuairisc ón gcruinniú ar fáil don phríomhoide, laistigh de sheachtain ón uair a chríochnaíonn an cruinniú. Nuair a bhíonn an próiseas AFMÁ thart, críochnóidh na múinteoirí na tuairisceoirí atá le bronnadh ar scoláirí agus déanfar na tuairisceoirí a bronnadh a uaslódú ar chóras/bhogearra tuairiscithe na scoile.

5.5 Sláine maidir le ham teagaisc na scoláirí

- Nuair a bhítear ag teacht ar chomhaontú maidir leis na socruithe do na cruinnithe AFMÁ, caithfidh ceannairí scoile agus múinteoirí an tsláine a choinneáil maidir le híosmhéid 28 uaire an chloig am teagaisc do scoláirí in aghaidh na seachtaine don scoilbhliain go léir.

5.6 Am gairmiúil múinteoirí a chuachadh

- Tacaítear leis an am is gá do chruinnithe AFMÁ trí am gairmiúil a chuachadh ina gcuirtear, de ghnáth, 22 uaire an chloig am gairmiúil in aghaidh na bliana (40 nóiméad sa tseachtain) ar fáil do gach múinteoir lán-aimseartha atá gafa le soláthar na Sraithe Sóisearaí, agus soláthar pro-rata do mhúinteoirí páirtaimseartha.

5.7 Ionadaíocht

- **<u>Níl cead</u>** Ionadaíocht íoctha a úsáid chun an socrú do chruinnithe AFMÁ á éascú seachas an soláthar atá déanta dá leithéid sa treoir seo (i.e. chun an freastal múinteora i rannóg aon-mhúinteora a éascú ag cruinniú AFMÁ i scoil eile NÓ trí Rogha D thíos a úsáid);
- **<u>Ní cóir</u>** Ionadaíocht agus Feitheoireacht a úsáid ar aon chúinsí chun rannpháirtíocht múinteoirí ar chruinnithe AFMÁ á éascú.

5.8 Má bhíonn múinteoir aonair ann don ábhar i scoil

- Ma tharlaíonn gur múinteoir aonair a bhíonn ann don ábhar i scoil, is féidir rannpháirtíocht an mhúinteora ag cruinniú AFMÁ a éascú le scoil eile. D'fhéadfadh sé seo tarlú trí úsáid a bhaint as áiseanna físchomhdhála /Skype má bhíonn fáil ar a leithéid, nó d'fhéadfadh an múinteoir taisteal go scoil eile. Sna cúinsí seo, is féidir íocaíocht ionadaíochta breise a úsáid chun taisteal agus freastal an mhúinteora a chlúdach ag cruinniú AFMÁ.

5.9 Comhaontú a fháil agus cinntí a dhéanamh

- Ba chóir do scoileanna cinntí faoin bpróiseas AFMÁ a dhéanamh le comhaontú. Ní chiallíonn comhaontú sa chomhthéacs seo tromlach simplí nó cros ach bíonn an comhaontú ann nuair a bhíonn comhaontú i gcoitinne ann agus nuair a bhíonn tacaíocht tugtha don rogha a roghnaítear;[1]
- Ba chóir go gcruthódh an cur chuige seo i leith na cinnteoireachta bonn eolais don tslí inar chóir do mhúinteoirí ábhair cinntí a dhéanamh faoin am ina ndéanfar a gcruinnithe AFMÁ a thionól;
- Ba chóir go gcruthódh an cur chuige seo i leith na cinnteoireachta bonn eolais freisin don tslí ina ndéanfaidh gach múinteoir sa scoil cinneadh faoin rogha atá le húsáid ó Mhír 6 thíos ar an gcur chuige i gcoitinne chun cruinnithe AFMÁ a sceidealú;
- Munar féidir teacht ar chomhaontú faoi chinneadh, is faoin mbord bainistíochta a bheidh sé na cinntí deireannacha a dhéanamh faoi na socruithe.

6. Roghanna don sceidealú ar phróiseas agus cruinnithe AFMÁ

Caithfidh gach scoil ceann **amháin** de na socruithe seo a leanas (Rogha A, *nó* Rogha B, *nó* Rogha C *nó* Rogha D) a roghnú chun a cruinnithe AFMÁ a thionól. Déanfar an cinneadh maidir leis an rogha a bheidh in úsáid de réir mar atá leagtha amach i gcuid 5.9 thuas.

Rogha A

- Is féidir le scoileanna rogha a dhéanamh clár ama a choinneáil nó a chur i bhfeidhm ina mbíonn ceithre lá fada agus lá níos giorra.

- Éascóidh an clár ama seo cruinnithe AFMÁ agus cruinnithe eile faoin tSraith Shóisearach atá le tarlú sa tréimhse i ndiaidh na múinteoireachta ar an lá níos giorra, nó ag am eile nach gcuireann isteach ar am teagasc na scoláirí.

- Beidh ar scoileanna na leibhéil atá leagtha síos cheana féin don am teagaisc do scoláirí i.e. 28 uaire an chloig sa tseachtain a choinneáil.

- Ní cóir don scoil aon chostais Ionadaíochta breise a thabhú.

- Ní cóir Ionadaíocht agus Feitheoireacht a úsáid nuair a bhíonn cruinnithe AFMÁ á éascú.

- Is éard a bheidh i gcruinniú AFMÁ ná cruinniú aonair le fad thart ar 2 uair an chloig.

[1] An téarma comhaontú mar atá ag An Coimisiún um Chaidreamh Oibreachais - Eanáir, 2011. Seo é an sainmhíniú a bhíonn mar bhonn le cinnteoireacht ag leibhéal scoile i gcás cinntí ar úsáid uaireanta Pháirc an Chrócaigh.

Rogha B

- Tagann múinteoirí agus an bhainistíocht ar chomhaontú ag leibhéal na scoile go ndéanfar cruinnithe AFMÁ a thionól ag am a oireann do na múinteoirí sna grúpaí ábhar gan cur as d'am teagaisc.

- Má cheadaíonn na cúinsí a leithéid, is féidir cruinniú nó cuid de chruinniú a thionól laistigh de ghnáthuaireanta teagaisc na scoile.

- Beidh ar scoileanna na leibhéil atá leagtha síos cheana féin don am teagaisc do scoláirí i.e. 28 uaire an chloig sa tseachtain a choinneáil.

- Ní cóir don scoil aon chostais Ionadaíochta breise a thabhú.

- Ní cóir Ionadaíocht agus Feitheoireacht a úsáid nuair a bhíonn cruinnithe AFMÁ á éascú.

- Is éard a bheidh i gcruinniú AFMÁ ná cruinniú aonair le fad thart ar 2 uair an chloig.

Rogha C

- Is éard a bheidh i gceist leis an bpróiseas AFMÁ ná 40 nóiméad ullmhúcháin ó am gairmiúil an mhúinteora mar aon le fad 80 nóiméad ar a laghad ag obair le chéile, an 80 nóiméad seo mar chruinniú amháin.

- Nuair a bhíonn an MRB críochnaithe ag scoláirí, déanfaidh múinteoir ranga an ábhair measúnú sealadach ar fhoghlaim na scoláirí mar a bhíonn forbartha agus léirithe sa phróiseas MRB, bunaithe ar na Gnéithe Cáilíochta. Beifear ábalta na measúnuithe sealadacha seo a leasú i bhfianaise an phlé a tharlóidh ag an gcruinniú AFMÁ.

- Nuair a bhítear ag ullmhú do chuid chomhoibríoch den phróiseas AFMÁ, roghnóidh gach múinteoir sampla amháin d'obair na scoláirí do gach tuairisceoir, más féidir, don phlé ag an gcruinniú. Cuirfidh gach múinteoir a s(h)amplaí ar fáil don Éascaitheoir, mar aon le nóta gairid ar gach sampla d'obair na scoláirí a léiríonn na cúiseanna don mheasúnú gairmiúil a rinne siad ar obair na scoláirí. Cuideoidh sé seo le gach múinteoir ábhartha nuair a bhíonn athbhreithniú á dhéanamh acu ar shamplaí d'obair na scoláirí sa tréimhse ullmhúcháin.

- Cuirfidh an tÉascaitheoir na samplaí d'obair na scoláirí agus na nótaí cuí a ghabhann leo, a bhíonn curtha ar fáil ag na múinteoirí ábhair cúpla lá sula dtosaíonn an chuid chomhoibríoch den phróiseas AFMÁ, le chéile agus ar fáil.

- Bainfidh múinteoirí úsáid as 40 nóiméad don am gairmiúil atá acu chun an t-ábhar seo a rochtain, samplaí agus na nótaí atá ceangailte leo a iniúchadh, agus taithí a fháil ar an ábhar.

- Tionólfar an chuid eile den phróiseas AFMÁ (cruinniú a leanfaidh 80 nóiméad ar a laghad) ag am a oireann do na múinteoirí sa ghrúpa ábhair, gan cur isteach ar am teagaisc na scoláirí agus gan úsáid a bhaint as ionadaíocht.

- Beidh ar scoileanna na leibhéil atá leagtha síos cheana féin don am teagaisc do scoláirí i.e. 28 uaire an chloig sa tseachtain a choinneáil.

- Ní cóir don scoil aon chostais Ionadaíochta breise a thabhú.

- Ní cóir Ionadaíocht agus Feitheoireacht a úsáid nuair a bhíonn cruinnithe AFMÁ á éascú.

Rogha D

- Déantar cruinnithe AFMÁ a thionól go hiomlán laistigh de ghnáthuaireanta teagaisc na scoile agus laghdaítear an leithdháileadh chuig an scoil ar am gairmiúil an mhúinteora chun comhionann 8 n-uaire an chloig am gairmiúil a laghdú in aghaidh gach múinteoir lánaimseartha (agus méideanna pro-rata do mhúinteoirí páirtaimseartha).
- Cuirtear ionadaíocht bhreise le híocaíocht ar fáil chun freastal í ar chruinnithe AFMÁ a éascú.
- Ní cóir Feitheoireacht agus Ionadaíocht a úsáid chun cruinnithe AFMÁ a éascú.
- D'fhéadfadh, mar thoradh ar an laghdú ar leithdháileadh múinteora chuig an scoil, go gcaillfí poist mhúinteoireachta sa scoil. Beidh na gnáthshocruithe a bhaineann le hath-imlonnú múinteoirí i gceist i gcásanna ina mbíonn an líon múinteoirí atá ag obair sa scoil sa bhreis ar an leithdháileadh múinteoirí atá faofa don scoil sin.
- Is féidir tosaíocht a thabhairt don leithdháileadh ar am gairmiúil do mhúinteoirí aonair atá ar fáil don scoil trí am gairmiúil a thabhairt do mhúinteoirí na Sraithe Sóisearaí amháin.
- Is éard a bheidh i gcruinniú AFMÁ ná cruinniú aonair le fad thart ar 2 uair an chloig.

7. Caithfidh scoileanna a chur in iúl don Roinn má roghnaíonn siad Rogha D

7.1 Caithfidh scoileanna a roghnaíonn Rogha D thuas an cinneadh sin a chur in iúl don Roinn faoi 16 Márta 2020

- I gCiorclán XXX/2020, a chuireann in iúl d'iar-bhunscoileanna faoi na socruithe foirne don scoilbhliain 2020/21, tá leithdháileadh **sealadach** san áireamh do phoist atá i gceist chun tacú leis an soláthar 22 uaire an chloig am gairmiúil do gach múinteoir lánaimseartha sa tSraith Shóisearach in aghaidh na bliana, le soláthar pro-rata do mhúinteoirí páirtaimseartha.

- Má roghnaíonn scoil Rogha D, áfach (féach mír 6 thuas), tarlóidh mar thoradh ar an rogha seo go laghdófar an t-am gairmiúil do mhúinteoirí – agus leithdháileadh múinteoirí na scoile dá réir – comhionann agus 8 n-uaire an chloig in aghaidh gach múinteoir gairmiúil, le laghdú pro-rata do mhúinteoirí páirtaimseartha.

- CAITHFIDH scoileanna a roghnaíonn ROGHA D an fhoirm iniata a chomhlánú agus a chur ar ais chuig Rannóg Beartas Curaclam agus Measúnacht na Roinne faoi 16 Márta 2020.

7.2 Ní gá do scoileanna a mbíonn Rogha A nó B nó C á roghnú acu a chur in iúl don Roinn

- Ní gá do scoileanna a roghnaíonn Rogha A, nó Rogha B, nó Rogha C an cinneadh sin a chur in iúl don Roinn.

7.3 Iniúchadh ar leithdháiltí múinteora agus ar am gairmiúil

- D'fhéadfadh go mbeadh úsáid leithdháiltí múinteora, lena n-áirítear am gairmiúil do chruinnithe AFMÁ, a bheith faoi réir ag iniúchadh. I gcásanna nuair a léirítear gur chuir am do chruinnithe AFMÁ as don am teagaisc do scoláirí agus/nó nuair a tharla mar thoradh íocaíocht neamhcheadaithe do chostais ionadaíochta nó úsáid neamhúdaraithe ar Fheitheoireacht agus Ionadaíocht, laghdófar leithdháileadh múinteora na scoile don bhliain ina dhiaidh sin.

An tAonad um Beartas Curaclaim agus Measúnachta
27 Feabhra 2020

Cruinniú don

Athbhreithniú ar Fhoghlaim agus Ar Mheasúnú Ábhair

Foirm don Rogha

Caithfear an fhoirm seo a chur ar ais roimh 16 Márta 2020

Nóta: Ní cóir an fhoirm seo a chur ar ais ach amháin má roghnaíonn do scoil cruinnithe Athbhreithniú ar Fhoghlaim agus Ar Mheasúnú Ábhair (AFMÁ) a thionól de réir Rogha D den Chiorclán seo. Tá na téarmaí a bhaineann le Rogha D luaite athuair thíos:

Rogha D

- Déantar cruinnithe AFMÁ a thionól go hiomlán laistigh de ghnáthuaireanta teagaisc na scoile agus laghdaítear an leithdháileadh chuig an scoil ar am gairmiúil an mhúinteora chun comhionann 8 n-uaire an chloig am gairmiúil a laghdú in aghaidh gach múinteoir lánaimseartha (agus méideanna pro-rata do mhúinteoirí páirtaimseartha).
- Cuirtear ionadaíocht bhreise le híocaíocht ar fáil chun freastal múinteoirí ar chruinnithe AFMÁ a éascú.
- Ní cóir Feitheoireacht agus Ionadaíocht a úsáid chun cruinnithe AFMÁ a éascú.
- D'fhéadfadh, mar thoradh ar an laghdú ar leithdháileadh múinteora chuig an scoil, go gcaillfí poist mhúinteoireachta sa scoil. Beidh na gnáthshocruithe a bhaineann le hath-imlonnú múinteoirí i gceist i gcásanna ina mbíonn an líon múinteoirí atá ag obair sa scoil sa bhreis ar an leithdháileadh múinteoirí atá faofa don scoil sin.
- Is féidir tosaíocht a thabhairt don leithdháileadh ar am gairmiúil do mhúinteoirí aonair atá ar fáil don scoil trí am gairmiúil a thabhairt do mhúinteoirí na Sraithe Sóisearaí amháin.
- Is éard a bheidh i gcruinniú AFMÁ ná cruinniú aonair le fad thart ar 2 uair an chloig.

Ainm na Scoile:

Uimhir Rolla na Scoile:

Dearbhaím leis seo go gcuirfidh an scoil thuasluaite cruinnithe AFMÁ i bhfeidhm de réir na dtéarmaí a bhaineann le Rogha D de Chiorclán 0017/2020 na Roinne Oideachais agus Scileanna agus glactar leis go laghdófar dá réir an leithdháileadh ar am gairmiúil do mhuinteoirí sa scoil seo ó 22 uaire an chloig go 14 uaire an chloig do gach múinteoir lánaimseartha na Sraithe Sóisearaí, le laghdú pro-rata do mhúinteoirí páirtaimseartha.

Ainm an Phríomhoide: _____

Síniú an Phríomhoide: _____ Dáta:_____

Cuir an fhoirm seo ar ais le do thoil chuig:

An Rannóg Beartas Curaclam agus Measúnacht, An Roinn Oideachais agus Scileanna,
Sráid Mhaoilbhríde, D01 RC96